| **Ceacht a Seacht** | **Bhí agus Beidh** | **Abairtí** |
|---|---|---|
| **Lesson Seven** | **Was and Will Be** | **Phrases** |

| **Gaeilge** | **Béarla** |
|---|---|
| 1. **Bhí** sé dorcha. | It was dark. |
| 2. **Ní raibh** sé geal. | It wasn't bright. |
| 3. **An raibh** sé dorcha? | Was it dark? |
| 4. **Nach raibh** sé geal? | Wasn't it bright? |
| 5. Bhí. | Yes (after question with **an raibh**). |
| 6. Ní raibh. | No (after question with **an raibh**). |
| 7. Cá raibh tú? | Where were you? |

| | |
|---|---|
| 8. Bhí sé te inné. | It was warm yesterday |
| 9. Ní raibh sé fuar aréir. | It wasn't cold last night. |
| 10. An raibh sé fliuch amuigh? | Was it wet outside? |
| 11. Nach raibh sé dorcha ansin? | Wasn't it dark there? |
| 12. An raibh tuirse ort? | Were you tired? |
| 13. Cá raibh tú aréir? | Where were you last night? |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 14. inniu | today | 19. inné | yesterday | 24. amárach | tomorrow |
| 15. ar maidin | in the morning | 20. maidin inné | yesterday morning | 25. maidin amárach | tomorrow morning |
| 16. anocht | tonight | 21. aréir | last night | 26. oíche amárach | tomorrow night |
| 17. i mbliana | this year | 22. anuraidh | last year | 27. an bhliain seo chugainn | next year |
| 18. anois | now | 23. riamh | ever | 28. go deo | forever |

| | |
|---|---|
| 29. **Beidh** sé dorcha. | It will be dark. |
| 30. **Ní bheidh** sé geal. | It won't be bright. |
| 31. **An mbeidh** sé dorcha? | Will it be dark? |
| 32. **Nach mbeidh** sé geal? | Won't it be bright? |
| 33. Beidh. | Yes (after question with **an mbeidh**). |
| 34. Ní bheidh. | No (after question with **an mbeidh**). |
| 35. Cá mbeidh tú? | Where will you be? |

| | |
|---|---|
| 36. Beidh sé tinn amárach. | He'll be ill tomorrow. |
| 37. An mbeidh tú amuigh? | Will you be outside? |
| 38. Ní bheidh mé sa bhaile anocht. | I won't be at home tonight. |
| 39. Nach mbeidh sibh in Éirinn ansin? | Won't ye be in Ireland then? |
| 40. An mbeidh cupán tae agat? | Will you have a cup of tea? |
| 41. Cá mbeidh tú maidin amárach? | Where will you be tomorrow morning? |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 42. mé, mise | I | 46. muid, muidne | we |
| 43. tú, tusa | you | 47. sinn, sinne | we |
| 44. sé, seisean | he | 48. sibh, sibhse | you (more than one) |
| 45. sí, sise | she | 49. siad, siadsan | they |

| **Ceacht a Seacht** | **Bhí agus Beidh** | **Comhráite** |
|---|---|---|
| **Lesson Seven** | **Was and Will Be** | **Conversations** |

| **Comhrá 1** | **Conversation 1** |
|---|---|
| A: Nach raibh sé fuar aréir? | Wasn't it cold last night? |
| B: Bhí. Bhí sé an-fhuar. | Yes. It was very cold. |
| A: An raibh sé fliuch amuigh? | Was it wet outside? |
| B: Ní raibh. Bhí sé tirim. | No. It was dry. |

| **Comhrá 2** | **Conversation 2** |
|---|---|
| A: Cá raibh tú i mbliana? | Where were you this year? |
| B: Bhí mé in Éirinn. | I was in Ireland. |
| A: An raibh sé fliuch ansin? | Was it wet there? |
| B: Bhí. Bhí sé an-fhliuch. | Yes. It was very wet. |
| Nach raibh sibhse ansin anuraidh? | Weren't you there last year? |
| A: Ní raibh. Ní raibh muid ansin riamh. | No. We were never there. |

| **Comhrá 3** | **Conversation 3** |
|---|---|
| A: Dia duit. | Hello. |
| B: Dia 's Muire duit. | Hello. |
| A: An bhfuil ocras ort? | Are you hungry? |
| B: Bhí an-ocras orm ar maidin, | I was very hungry in the morning, |
| ach níl ocras orm anois. | but I'm not hungry now. |
| A: Ar mhaith leat cupán tae? | Would you like a cup of tea? |
| B: Ba mhaith. Go raibh maith agat. | I would. Thank you. |

| **Comhrá 4** | **Conversation 4** |
|---|---|
| A: Nach raibh Peadar anseo aréir? | Wasn't Peter here last night? |
| B: Ní raibh. Bhí sé tinn. | No. He was ill. |
| A: An raibh Nuala tinn freisin? | Was Nuala sick, too? |
| B: Bhí. Bhí sí sa bhaile le Peadar. | Yes. She was at home with Peter. |
| A: An raibh siad go dona? | Were they bad? |
| B: Bhí. Bhí slaghdán ar Pheadar. | Yes. Peter had a cold. |
| Agus bhí tinneas cinn ar Nuala. | And Nuala had a headache. |

| **Comhrá 5** | **Conversation 5** |
|---|---|
| A: An mbeidh tú sa bhaile anocht? | Will you be home tonight? |
| B: Ní bheidh, ach beidh mé ansin amárach. | No, but I'll be there tomorrow. |
| A: Cá mbeidh tú anocht? | Where will you be tonight? |
| B: Beidh mé i Los Angeles le Sorcha. | I'll be in Los Angeles with Sally. |

## Ceacht a Seacht — Bhí agus Beidh — Ceisteanna
## Lesson Seven — Was and Will Be — Questions

Answer the following questions. You can use a simple answer (**tá**, **níl**, **bhí**, **ní raibh**, **beidh**, **ní bheidh**) or add additional information.

| | |
|---|---|
| 1. An bhfuil madra agat? | Do you have a dog? |
| | |
| 2. An raibh tú in Éirinn riamh? | Were you ever in Ireland? |
| | |
| 3. An mbeidh tú sa bhaile amárach? | Will you be at home tomorrow? |
| | |
| 4. An bhfuil tinneas cinn ort anois? | Do you have a headache now? |
| | |
| 5. An mbeidh tú i Meicsiceo anocht? | Will you be in Mexico tonight? |
| | |
| 6. An raibh ocras ar do chat inniu? | Was your cat hungry today? |
| | |
| 7. An raibh sé fuar inné? | Was it cold yesterday? |
| | |
| 8. An raibh tú sa chistin ar maidin? | Were you in the kitchen in the morning? |
| | |
| 9. An raibh an fliú ort i mbliana? | Did you have the flu this year? |
| | |
| 10. An bhfuil sé dorcha amuigh? | Is it dark outside? |
| | |

**My Own Answers**

| | |
|---|---|
| 1. Níl. Níl madra agam. | No. I don't have a dog. |
| 2. Bhí. Bhí mé ansin i 2002. | Yes. I was there in 2002. |
| 3. Beidh. Beidh mé sa bhaile amárach. | Yes. I'll be home tomorrow. |
| 4. Níl. Tá mé ar fheabhas anois. | No. I'm excellent now. |
| 5. Ní bheidh. Beidh mé i San Diego anocht. | No. I'll be in San Diego tonight. |
| 6. Níl. Níl cat agam. | No. I don't have a cat. |
| 7. Ní raibh. Bhí sé te. | No. It was hot. |
| 8. Bhí. Bhí mé sa chistin ar maidin. | Yes. I was in the kitchen in the morning. |
| 9. Ní raibh. Ní raibh an fliú orm. | No. I didn't have the flu. |
| 10. Tá. Tá sé dorcha amuigh anois. | Yes. It's dark outside now. |